Béim ar an taighde

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi scéim nua a d'fhógair an rialtas inniu.

(a) Sula bhféachann tú ar an tuairisc an féidir leat féin agus an duine in aice leat na téarmaí / frásaí Gaeilge a aimsiú de na focail seo thíos:

1. investment: _____
2. industrial partners: _____
3. fund: _____
4. based / settled: _____
5. provide / support jobs: _____
6. important realms of research: _____
7. for the future of the country: _____
8. resource: _____
9. specific funding: _____
10. new mentality: _____
11. applied research: _____
12. demand: _____

(b) Féachaigí ar an mhír anois le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Éist leis an mhír arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cé mhéad airgid atá le hinfheistiú i dtaighde agus cé a chuirfidh an t-airgead ar fáil?

2. Cé mhéad ionad a chruthófar agus cá mbeidh siad?

3. Cad a bhí le rá ag Rónán Ó Dubhghaill?

4. Cad a bhí le rá ag an Dochtúir Barra Ó Conchúir?

5. Conas a léiríonn an fógra seo meon nua an rialtais?

Ceist 3 '…300,000,000....'

Scríobh amach na huimhreacha i nGaeilge chruinn cheart:

€300,000,000: _____
3rd level institutions: _____
2/3 of the money: _____
7 research centres: _____
4 (of them): _____
a few subjects: _____

Ceist 4. '…***is*** *é sin*…'

(a) Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an fhocal i gcló dubh thuas?

(b) Féach ar na habairtí seo. Cad is brí leo?

Is cailín maith í

Ní cailín maith í

An cailín maith í?

Nach cailín maith í?

(c) Is leis na freagraí a bhíonn an scéal rud beag níos deacra. Mar is eol duit ní féidir freagraí ar nós *yes / no* a thabhairt sa Ghaeilge. Is ionann an scéal leis an chopail. An féidir leat na freagraí cearta a cheangal leis na ceisteanna cuí?

Nach deas an cailín í?	**Is í / ní hí**
An scoláire maith é Seán?	**Is ea / ní hea**
An í Síle an múinteoir?	**Is deas / ní deas**

(d) Roghnaigh na freagraí cearta do na ceisteanna/ ráitis seo:

1. Is scannán maith é seo! **Is ea/ní hea Tá/níl Is maith/ní maith**
2. An bhfuil an lá go deas? **Is ea/ní hea Tá/níl Is deas/ní deas**
3. Is olc an scéal é! **Is ea/ní hea Tá/níl Is olc/ní olc**
4. An bhfuil seomraí deasa ann? **Is ea/ní hea Tá/níl Is deas/ní deas**
5. An tusa Pól? **Is ea/ní hea Tá/níl Is mé/ní mé**
6. Tá drochlá ann! **Is ea/ní hea Tá/níl Is drochlá/ní drochlá**
7. An dalta scoile tú? **Is ea/ní hea Tá/níl Is mé/ Ní mé**

Ceist 5 '…cúrsaí ***bídh***…' agus '…cúrsaí ***bia*** agus sláinte…'

A. Tá an dá fhocal i gcló dubh thuas sa tuiseal ginideach uatha. An féidir leat a rá cén fáth a bhfuil siad éagsúil óna chéile?

B. An féidir leat féin agus an duine in aice leat na leaganacha nua-aimseartha de na focail thíos a aimsiú?

- ag labhairt na teangan
- cois na leapan
- in aice na tineadh

C. Cén fáth a dtagann athruithe mar sin ar theanga, dar libh? An bhfuil aon samplaí eile agaibh?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

- Cén fáth a bhfuil taighde san eolaíocht tábhachtach, dar leat?
- An post suimiúil é post an taighdeora, dar leat? Cén fáth?
- Ar cheart don rialtas airgead a chur isteach i dtaighde a chuidíonn le comhlachtaí brabús a dhéanamh?

Freagraí
Ceist 1

1.	investment:	*infheistíocht*
2.	industrial partners:	*páirtnéirí tionsclaíocha*
3.	fund:	*ciste*
4.	based / settled:	*lonnaithe*
5.	provide / support jobs:	*poist a chothú*
6.	important realms of research:	*réimsí tábhachtacha taighde*
7.	for the future of the country:	*do thodhchaí na tíre*
8.	resource:	*acmhainn*
9.	specific funding:	*maoiniú ar leith*
10.	new mentality:	*meon nua*
11.	applied research:	*taighde feidhmeach*
12.	demand:	*éileamh*

Ceist 2

(1) Trí chéad milliún euro. Cuirfidh an rialtas dhá thrian den airgead ar fáil agus cuirfidh páirtnéirí tionsclaíocha an chuid eile ar fáil.
(2) Cruthófar seacht n-ionad taighde ar fud na tíre in institiúidí tríú leibhéal agus beidh ceithre cinn acu i gCorcaigh.
(3) Deir sé go bhfuil an taighde bunaithe ar thopaicí a bhí sa phlean gníomhaíochta le haghaidh post agus go gcothóidh sé a lán oibre.
(4) Deir Barra Ó Conchúir go mbeidh an taighde ag cur leis na réimsí tábhachtacha taighde, réimsí atá tábhachtach do thodhchaí na tíre seo, cosúil le cúrsaí fuinnimh, cúrsaí bídh, cúrsaí bia agus sláinte agus gan amhras cúrsaí leictreonacha chomh maith. Deir sé go gcuirfidh an maoiniú breise le cumas na gcomhlachtaí beaga sa tír a bheith iomaíoch agus tabharfaidh sé tacaíocht do na comhlachtaí idirnáisiúnta fanacht anseo mar go bhfuil maoiniú ar leith déanta sna réimse áirithe sin.
(5) Léiríonn sé go bhfuil an rialtas ag infheistiú sa taighde feidhmeach in áit an bhuntaighde agus cuideoidh sé le poist a chruthú san earnáil tionsclaíochta.

Ceist 3

€300,000,000:	*trí chéad milliún euro*
3rd level institutions:	*institiúidí tríú leibhéal*
2/3 of the money:	*dhá thrian den airgead*
7 research centres:	*seacht n-ionad taighde*
4 (of them):	*ceithre cinn*
a few subjects:	*cúpla ábhar*

Ceist 4

(a) An chopail
(b) **Is** cailín maith í: She's a good girl
Ní cailín maith í: She isn't a good girl
An cailín maith í?: Is she a good girl?
Nach cailín maith í?: Isn't she a good girl?
(c)

Nach deas an cailín í?	**Is deas / ní deas**
An scoláire maith é Seán?	**Is ea / ní hea**
An í Síle an múinteoir?	**Is í / ní hí**

(d) Is scannán maith é seo! **Is ea/ní hea**
An bhfuil an lá go deas? **Tá/níl**
Is olc an scéal é! **Is olc/ní olc**
An bhfuil seomraí deasa ann? **Tá/níl**
An tusa Pól? **Is mé/ní mé**
Tá drochlá ann! **Tá/níl**
An dalta scoile tú? **Is ea/ní hea**

Ceist 5
(a) Is leagan malartach é ***bídh*** den leagan ***bia*** agus leagan a bhíodh ann fadó.
(b) Ag labhairt na teanga, cois na leapa, in aice na tine.
(c) Déan iarracht plé a chothú ar ghluaiseacht nádúrtha teanga agus go háirithe an bealach a n-athraíonn mionteanga go tapa.

Ceist 6
Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eibhlín Ní Choistealbha
Deir institiúidí tríú leibhéal go léiríonn an infheistíocht trí chéad milliún euro a d'fhógair an rialtas inniu go bhfuil béim á cur[i] anois ar an saghas taighde is fearr chun postanna[ii] a chruthú. Tá an rialtas le dhá thrian den airgead a chur ar fáil agus ó pháirtnéirí tionsclaíocha a thiocfaidh an chuid eile.

Grett O'Connor
Úsáidfear an ciste nua chun seacht n-ionad taighde a chruthú ar fud na tíre. Iad ar fad lonnaithe in institiúidí tríú leibhéal, ach iad ag comhoibriú le páirtnéirí tionsclaíocha. Beidh ceithre cinn acu lonnaithe i gCorcaigh

Rónán Ó Dubhghaill
Tá an taighde seo dírithe ar chúpla ábhar atá luaite go soiléir san *Action Plan for Jobs* 2013 agus tá sé dírithe ar phostanna a chothú agus luaitear agus níl aon amhras ná go mbeidh ana-sheans[iii] go mbeidh postanna breise ag teacht leis an infheistiú ollmhór seo sa tír.

An Dr. Barra Ó Conchúir
Tá sé ag cur leis na réimsí tábhachtacha taighde, réimse atá tábhachtach do thodhchaí na tíre seo. Bhuel, deirimid cúrsaí fuinnimh, cúrsaí bidh, cúrsaí bia agus sláinte agus gan amhras cúrsaí leictreonacha chomh maith. Cuirfidh an maoiniú breise seo, an acmhainn bhreise[iv] seo, cuirfidh sé ar chumas na gcomhlachtaí[v] beaga sa tír seo fanacht istigh sa rása agus tabharfaidh sé tacaíocht do na comhlachtaí idirnáisiúnta fanacht anseo mar go bhfuil maoiniú ar leith déanta sna réimsí áirithe sin.

Grett O'Connor
An rud is spéisiúla faoin bhfógra atá déanta inniu ná go léiríonn sé meon nua ó thaobh an rialtais de. In ionad a bheith ag cur airgid ar fáil do bhuntaighde tá béim níos mó ná riamh cheana ar an dtaighde[vi] feidhmeach, is é sin obair atá dírithe ar thionscnaimh faoi leith ar a bhfuil éileamh i measc tionsclóirí. Is sa réimse sin, dar leis na taighdeoirí féin, atá na deiseanna is fearr chun postanna a choimeád anseo in Éirinn agus chun cinn nua a chruthú. Grett O'Connor, Nuacht TG4, Corcaigh.

---

[i] *á chur* a deirtear
[ii] *poist* atá sa chaighdeán oifigiúil
[iii] *an-seans* atá sa chaighdeán oifigiúil
[iv] *breise* a deirtear
[v] *comhlachtaí* a deirtear
[vi] *ar an taighde* atá sa chaighdeán oifigiúil